



An Bhruiséil, 17 Iúil 2025  
(OR. en)

11768/25

---

---

**Comhad Idirinstitiúideach:  
2025/0238 (COD)**

---

---

**COH 143  
RELEX 1029  
CADREFIN 110  
POLGEN 93  
CODEC 1047**

## **NÓTA CLÚDAIGH**

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Iúil 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 552 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 552 final



An Bhruiséil, 16.7.2025  
COM(2025) 552 final

2025/0238 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### • **Forais agus cuspóirí an togra**

An 16 Iúil 2025, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile don tréimhse 2028-2034<sup>1</sup>. Áirítear air sin Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') agus an Ciste Comhtháthaithe.

Cé go bhfuil laghdú nach beag tagtha ar éagothromaíochtaí réigiúnacha agus críochacha, lena n-áirítear le beartais chomhtháthaithe an Aontais, tá 29 % de shaoránaigh an Aontais fós ina gcónaí i réigiúin ina bhfuil OTI per capita faoi bhun 75 % agus tá go leor dúshlán fós ann agus tá dúshlán nua ag teacht chun cinn. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin trí bheartas comhtháthaithe agus fáis neartaithe nuachóirithe, ag obair i gcomhpháirtíocht le húdaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'An bealach chuig an gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile', sainíodh buiséad níos simplí, níos dírithe agus níos láidre ó thaobh tionchair de mar phríomhchuspóir<sup>2</sup>. Léiríodh sa chomhairliúchán poiblí freisin go bhfuil comhaontú ginearálta ann i measc na bpáirtithe leasmhara maidir leis an ngá atá le simpliú agus le solúbthacht níos fearr, arb iad na cumasóirí is minice a luaitear i mbuiséad an Aontais a bheith níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla.

Is é is cuspóir don Rialachán aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí réigiúnacha agus tacú le forbairt na réigiún a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl (Airteagal 176 CFAE) trí thacú le hathchóirithe agus trí infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch réigiúin agus chathracha uile an Aontais chomh maith le feabhas a chur ar an gcomhar críochach (go háirithe tríd an bPlean um Interreg). Is é is aidhm don Chiste Comhtháthaithe tacú le hinfeistíochtaí agus athchóirithe i réimse an chomhshaoil agus an iompair sna Ballstáit a bhfuil OTI per capita níos ísle iontu (Airteagal 177).

Sainítear sa Rialachán seo forálacha is infheidhme maidir le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe araon, lena n-áirítear 'comhar críochach Eorpach' (Interreg).

#### • **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Oibreoidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe i ndlúthchomhlántacht leis na beartais eile faoi raon feidhme na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, agus ar an gcaoi sin cothóidh siad sineirgí idir na beartais sin. Sa Rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034 agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 agus Rialachán (AE, Euratom) 2024/2095 ('Rialachán CNR'), leagtar amach forálacha coiteanna maidir le [naoi] gciste bainistíochta comhroinnte ar leibhéal an Aontais.

<sup>1</sup> COM(2025) 571 final.

<sup>2</sup> [https://commission.europa.eu/document/download/6d47acb4-9206-4d0f-8f9b-3b10cad7b1ed\\_en?filename=Communication%20on%20the%20road%20to%20the%20next%20MFF\\_en.pdf](https://commission.europa.eu/document/download/6d47acb4-9206-4d0f-8f9b-3b10cad7b1ed_en?filename=Communication%20on%20the%20road%20to%20the%20next%20MFF_en.pdf)

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an mbeartas comhtháthaithe, lorgáítear sineirgí agus comhleanúnachas le hionstraimí agus beartais ábhartha an Aontais, go háirithe an Ciste Eorpach um Iomaíochas, Fís Eorpach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Eoraip Dhomhanda. Déanfar comhlántacht agus sineirgeachas ar fud bhuiséad fadtéarmach an Aontais agus leis na Ballstáit a uasmhéadú *inter alia* tríd an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais lena ndéanfar beartais thionsclaíocha agus taighde agus infheistíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a ailíniú maidir le tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne nó breisluach Eorpach. Bainfear comhsheasmhacht amach freisin trí struchtúr nua CAI lena n-áiritheofar sineirgí ar fud chlár ábhartha an Aontais, lena seachnófar forluí agus lena ndíreofar ar infheistíochtaí a bhfuil breisluach ard Aontais ag baint leo agus CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe ag díriú ar athchóirithe agus infheistíochtaí a bhfuil ábharthacht náisiúnta agus réigiúnach ag baint leo. Le comhtháthú críochach agus forbairt inbhuanaithe, ní mór aghaidh a thabhairt ar riachtanais na nglún atá ann faoi láthair agus na glúnta atá le teacht araon, agus ní mór a chur ar chumas daoine óga ról gníomhach a bheith acu maidir le réigiúin athléimneacha agus rathúla a mhúnlú. Tá sé tábhachtach a rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht, ar éiceachórais nuálaíochta agus ar thithíocht a éascú, agus trína rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a chothú chomh maith le tacaíocht d'earnálacha cultúrtha.

Áiritheoidh CFRE freisin comhleanúnachas le Straitéisí agus reachtaíocht Aontas an Chomhionannais<sup>3</sup> atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arb é is aidhm dóibh aon chineál idirdhealaithe atá bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chomhrac.

## 2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Tá údar maith le beart ón Aontas Eorpach le hAirteagal 174 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'): 'Déanfaidh an tAontas lena chuid gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a shaothrú ar mhaithe lena chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a neartú. Féachfaidh an tAontas go háirithe leis na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil agus cúlmaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú'.

Leagtar amach aidhmeanna CFRE in Airteagal 176 CFAE: 'Tá ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú, trí rannpháirtiú i bhforbairt agus i gcoigeartú struchtúrach na réigiún a bhfuil a bhforbairt tite ar gcúl agus in athrúchán na réigiún tionsclaíoch atá ag meath'.

Leagtar amach aidhmeanna an Chiste Comhtháthaithe in Airteagal 177 CFAE: 'Déanfaidh Ciste Comhtháthaithe arna chur ar bun i gcomhréir leis an nós imeachta céanna ranníocaíocht airgeadais a chur ar fáil do thionscadail i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach i gcúrsaí bonneagair iompair'.

Is é Airteagal 178 CFAE an bunús dlí chun rialacháin cur chun feidhme a ghlacadh le haghaidh CFAE, an ciste beartais comhtháthaithe atá mar thacaíocht le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

---

3

Ina theannta sin, sainordaítear in Airteagal 174 CFAE, go dtabharfar aird faoi leith ar cheantair thuaithe, ar cheantair a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh agus ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus na n-oileán, na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.

In Airteagal 349 CFAE, sainordaítear bearta sonracha chun aird a thabhairt ar staid shóisialta agus eacnamaíoch struchtúrach na réigiúin is forimeallaí, staid is measa fós mar gheall ar ghnéithe sonracha áirithe a dhéanann mórdhochar dá bhforbairt.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá comhtháthú agus comhar i measc na mBallstát á gcur chun cinn ag CFRE agus ag an gCiste Comhtháthaithe agus tá laghdú á dhéanamh acu ar éagothromaíochtaí réigiúnacha laistigh de na Ballstáit agus idir na Ballstáit, lena n-áirítear idir limistéir uirbeacha, thuaithe, chósta nó limistéir inar tearc an daonra agus idir mórthír na hEorpa agus na réigiúin agus na hoileáin is forimeallaí. Spreag cistiú an bheartais chomhtháthaithe infheistíochtaí nach mbeadh tagtha chun cinn leis an raon feidhme, an uailmhian agus an luas céanna mura mbeadh cistiú ón Aontas ar fáil. Dá bhrí sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a bhaint amach agus iad ag gníomhú ina n-aonar agus cruthaíonn tacaíocht ón Aontas breisluach.

Cuireann leibhéal an Aontais breisluach le gníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Bhí cistiú an bheartais comhtháthaithe an-mhór in 2014-2020, agus shroich sé beagnach 13 % d'infheistíocht iomlán rialtais san Aontas agus 51 % i dtíortha comhtháthaithe<sup>4</sup>. Léirítear go comhsheasmhach i staidéir eacnamaíocha<sup>5</sup> go mbíonn tionchar dearfach ag an mbeartas comhtháthaithe ar an bhfás eacnamaíoch réigiúnach, fiú ar scálaí áitiúla<sup>6</sup>. Ina theannta sin, tugann ionsamhlúcháin mhaicreacnamaíocha<sup>7</sup> le fios go bhfuil méadú foriomlán 1 % ar OTI an Aontais ó infheistíocht sa bheartas comhtháthaithe faoin mbliain tionchair bhuaice. Is mó na tairbhí i réigiúin bheagfhorbartha, áiteanna a sáraíonn réamh-mheastacháin OTI na réamh-mheastacháin sin gan beartas comhtháthaithe ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme. Bíonn tionchar fadtéarmach níos lú ach dearfach ag réigiúin níos forbartha mar gheall ar éifeachtaí seach-iarmharta (tairbhí a scaipeann ar fud na réigiún). Is iad na seach-iarmhairtí

---

<sup>4</sup> [Toradh chlársceidealú 2021-2027 - Beartas Comhtháthaithe | Sonraí | Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa \(europa.eu\)](#)

<sup>5</sup> Pellegrini et al. (2013) Éifeachtaí Bheartas Réigiúnach na hEorpa ar an bhfás eacnamaíoch a thomhas: Cur chuige neamhleanúnachais cúlchéimnithe, Páipéir san Eolaíocht Réigiúnach, 92, lgh. 217–233, Becker et al. (2013) Cumas Ionsúcháin agus éifeachtaí fáis agus infheistíochta aistrithe réigiúnacha: Dearadh neamhleanúnachais cúlchéimnithe a bhfuil éifeachtaí cóireála ilchineálacha aige, Iris Eacnamaíoch Mheiriceá: Beartas Eacnamaíoch, 5(4); Becker et al. (2018) Éifeachtaí Bheartas Réigiúnach an Aontais Eorpaigh: 1989–2013, Eolaíocht Réigiúnach agus Eacnamaíocht Uirbeach, 69, lgh. 143-152.; Crescenzi, R. agus Giua, M. (2020), Ceann amháin de Bheartais Chomhtháthaithe an Aontais Eorpaigh nó go leor acu? Maidir le tionchair eacnamaíocha dhifreálacha an Bheartais Chomhtháthaithe ar fud na mBallstát, Staidéir Réigiúnacha, 54(1), lgh. 10–20; Di Caro P. agus Fratesi, U. (2022), ‘Beartas amháin, éifeachtaí éagsúla: Meastachán a dhéanamh ar thionchair réigiún-shonracha bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh’, Iris na hEolaíochta Réigiúnaí, 62, lgh. 307-330.

<sup>6</sup> Bachtrögler-Unger et al. 2023. Beartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh ar an láthair: Anailís a dhéanamh ar éifeachtaí mionscála trí úsáid a bhaint as sonraí satailíte. Eolaíocht Réigiúnach agus Eacnamaíocht Uirbeach 103, 103954.

<sup>7</sup> An 9<sup>ú</sup> tuarascáil chomhtháthaithe [https://ec.europa.eu/regional\\_policy/information-sources/cohesion-report\\_en](https://ec.europa.eu/regional_policy/information-sources/cohesion-report_en).

sin is cúis le thart ar 15 % de thionchar iomlán OTI an Aontais, agus an sciar is airde (45 %) i réigiúin forbartha<sup>8</sup>.

Thairis sin, tá na roghanna beartais sa Rialachán comhréireach, ós rud é go gcuirfear na cistí chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte: níl na cláir faoi bhainistíocht dhíreach ag an gCoimisiún Eorpach, ach ina ionad sin cuireann sé chun feidhme iad i gcomhar leis na Ballstáit.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta agus ní théann sé taobh amuigh dá bhfuil riachtanach chun a spriocanna a bhaint amach. Tagann sé faoin raon feidhme le haghaidh gníomhaíochta i réimse an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh a neartú. Tá na cuspóirí agus an tacaíocht chomhfhreagrach ón Aontas comhréireach leis an méid is aidhm don ionstraim a bhaint amach. Tá sé d'aidhm ag an togra freisin na hiarrachtaí simpliúcháin a rinneadh roimhe seo a fheabhsú, trí rialacha a aontú agus a chomhdhlúthú a thuilleadh.

- **An rogha ionstraim**

Is é an ionstraim is iomchuí chun an togra atá ann faoi láthair a oibriú ná Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le CFRE [agus an Ciste Comhtháthaithe] agus lena gcomhlánaítear [an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí].

### 3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Léiríonn réamhthorthaí na **meastóireachta ex post** ar CFRE agus ar an gCiste Comhtháthaithe go bhfuil na cláir ar an mbóthar ceart chun formhór a gcuspóirí a bhaint amach. Go dtí seo, thacaigh na cistí le breis agus 2.5 mhilliún fiontar beag agus meánmhéide agus chuidigh siad le breis agus 370 míle post a chruthú. Baineann 24 mhilliún leanbh tairbhe as áiteanna cúraim leanaí nuathógtha. Ina theannta sin, infheistíodh níos mó ná EUR 66 bhilliún i dtionscadail a bhaineann leis an aeráid, agus méadaíodh acmhainneacht an Aontais maidir le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite faoi níos mó ná 6 000 Meigeavata. Leis na cistí freisin, bhíodhas in ann bearta cosanta ar dhóiteáin foraoise a chur i bhfeidhm a théann chun tairbhe do níos mó ná 24 mhilliún duine bunaithe ar luachanna cláir a tuairiscíodh, agus feabhas a chur ar rochtain ar leathanbhanda do níos mó ná 8 milliún teaghlach.

Mar thoradh ar na bearta simpliúcháin a tugadh isteach i gclárthréimhse 2014-2020, tá laghdú éigin tagtha ar an ualach, ach tá deis ann tuilleadh simpliúcháin a dhéanamh, amhail trí raon feidhme na Roghanna Costas Simplithe (SConna) agus Maoiniú nach bhfuil Nasctha le Costais (FNLC) a leathnú. Mar sin féin, is foinse mhór castachta fós iad rialacha a fhorchuirtear go náisiúnta thar cheanglais ar leibhéal an Aontais (rórialáil) maidir le cur chun feidhme CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe.

---

<sup>8</sup> Monfort, P., Crucitti, F., Lazarou, N. agus Salotti, S., Seach-iarmhairtí eacnamaíocha bheartas comhtháthaithe an Aontais Eorpaigh 2007-2013, an Coimisiún Eorpach, 2021, JRC125419.

Leis an gcreat feidhmíochta, trí tháscairí, garspriocanna agus spriocanna coiteanna, cumasaíodh bunachar sonraí láidir le haghaidh fianaise agus anailíse, go háirithe trí shonraí comhchuibhithe maidir le dul chun cinn a bhailiú, lena n-áirítear sonraí tairbhíthe. Trí idir-inoibritheacht agus inrochtaineacht na mbunachar sonraí náisiúnta a fheabhsú, ní hamháin go n-éascófaí faireachán níos fearr agus go dtreiseofaí treoshuíomh feidhmíochta an bheartais, ach d'fhéadfaí an t-ualach riaracháin a laghdú freisin.

Le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe, bhíothas in ann infheistíochtaí a dhéanamh ar dócha nach ndéanfadh na Ballstáit iad in éagmais na gcistí, trí scála an chistithe, tríd an gcumas infheistíocht phríobháideach bhreise a phlódú isteach, agus trí infheistíocht a spriocdhíriú. Thairis sin, tugann CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe breisluach trí phleanáil ilbhliantúil agus trí leanúnachas an chistithe.

Léiríonn an fhianaise go raibh tacaíocht ábhartha den chuid is mó chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais leanúnacha na dtairbhíthe agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn araon le linn na clárthréimhse. Bhí infheistíochtaí ábhartha d'iomáiochas na hEorpa agus bhí siad ailínithe den chuid is mó leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cé go raibh roinnt neamhréireachtaí ann ar fud na mBallstát. Ar leibhéal an Aontais, leithdháileadh formhór na hinfheistíochta ar réimsí beartais atá comhleanúnach leis na hathchóirithe riachtanacha a sainaitníodh sna Moltaí Tírshonracha ('CSRanna'), le héagsúlachtaí ar fud na mBallstát. Ar an iomlán, bhí moltaí tírshonracha ina n-uirlis úsáideach chun cuidiú leis na Ballstáit infheistíochtaí a threorú i dtreo riachtanais athchóirithe. Tá níos lú fianaise ann maidir le moltaí tírshonracha a ceapadh le linn na clárthréimhse a bhfuil tionchar acu ar thosaíocht a thabhairt nó ar ath-leithdháileadh.

Tá CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe oiriúnach chun tacú le comhtháthú críochach. Áirithítear lena ndearadh agus lena struchtúr rialachais go dtugtar aghaidh le straitéisí infheistíochta ar dhúshláin chríochacha agus go gceadaítear leo clársceidealú agus cur chun feidhme náisiúnta agus díláraithe araon, agus saothrú thosaíochtaí an Aontais á n-oiriúnú do riachtanais chríochacha. I gcásanna áirithe, dá mbeadh níos mó solúbthachta i gcur i bhfeidhm phrionsabal an dírithe théamaigh, d'fhéadfaí coigeartú níos fearr a dhéanamh ar shainiúlachtaí críochacha. Tugtar le fios sna samhlacha ionsamhlúcháin go bhfuil tionchar dearfach ag idirghabhálacha an bheartais chomhtháthaithe ar gheilleagar an Aontais. Meastar go bhfuil OTI an Aontais suas le + 0.6 % níos airde ag deireadh na tréimhse beartais i gcomparáid le cás hipitéiseach gan an beartas.

Maidir le Interreg, sainaitníodh comhchuibhiú níos fearr agus modhanna comhordaithe níos láidre ar fud shruthanna cistiúcháin éagsúla an Aontais mar phríomhréimsí le feabhas a chur orthu amach anseo.

Léirítear i réamhthorthaí na **meastóireachta meántearma** ar CFRE, ar an gCiste Comhtháthaithe agus ar an gCiste um Aistriú Cóir, cé gur cuireadh tús leis an gcur chun feidhme go déanach agus go raibh sé mall ag tús na clárthréimhse, gur chuir sé dlús nach beag leis sa chéad leath de 2024. Ba iad tosca eisginiúla den chuid is mó ba chúis leis na moilleanna agus bhain siad le géarchéim COVID-19 agus le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Thug na Ballstáit tosaíocht d'ionstraimí freagartha ar ghéarchéimeanna ar leibhéal an Aontais, go háirithe RRF.

Fágann breithniú agus uirlisí críochacha atá ionsuite go bhfuil na cistí oiriúnach go maith chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí réigiúnacha. Is réamhriachtanas é acmhainneacht riaracháin leordhóthanach ach níl sé ann go fóill i gcás na gclár uile. Tá tionchar dearfach láidir ag an gcomhpháirtíocht agus ag an rialachas il-leibhéil ar an

gclársceidealú agus ar an gcur chun feidhme, ach tá réimsí ann fós ina bhféadfaí feabhas a chur ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus ar an gcinnteoireacht rannpháirteach.

Leis an aistriú ó choinníollachtaí ex ante go coinníollacha cumasúcháin níos lú agus níos soiléire, tá feabhas tagtha ar éifeachtúlacht. Tá formhór mór na gcoinníollacha cumasúcháin comhlíonta cheana féin agus spreag siad próisis athchóirithe i réimsí amhail speisialtóireacht chliste, iompar agus aeráid. Bhí coinníollacha cumasúcháin agus garspriocanna RRF ag treisiú a chéile i réimsí áirithe. Trí choinníollacha a oiriúnú do chomhthéacsanna sonracha náisiúnta agus réigiúnacha seachas iad a choinneáil infheidhme go huilíoch maidir le gach clár, d'fhéadfaí feabhas a chur ar shineirgí infheistíochtaí an bheartais chomhtháthaithe le beartais earnála ábhartha agus le riachtanais áitiúla.

Tá dea-chleachtas sna Ballstáit lena gcomhcheanglaítear an beartas comhtháthaithe agus cistiú RRF chun tacú le bearta comhlántacha. Téann athchóirithe arna spreagadh ag garspriocanna RRF chun tairbhe d'infheistíochtaí comhtháthaithe agus *vice versa*: is féidir le coinníollacha cumasúcháin dul chun tairbhe d'infheistíochtaí RRF freisin.

Cuidíonn bearta nua simpliúcháin leis an ualach riaracháin a laghdú. Tá acmhainneacht mhór ag baint le Roghanna Costas Simpliúcháin agus Maoiniú nach bhfuil Nasctha le Costas, ach tá a nglacadh fós míchothrom.

Le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe, is féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshlán shonracha forbartha nach saothrófaí a mhéid céanna mura mbeadh na dúshlán sin ann. Áirítear i mbreisluach na gcistí peirspictíocht straitéiseach fhadtéarmach agus fothú acmhainneachta ar an leibhéal fonáisiúnta agus foréigiúnach, agus seach-iarmhairtí dearfacha ar chur chun feidhme na n-ionstraimí náisiúnta. Nascann prionsabal an rialachais il-leibhéil agus na comhpháirtíochta leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal réigiúnach trí chur chuige áitbhunaithe, atá uathúil do na cistí a ndearnadh meastóireacht orthu *vis-à-vis* ionstraimí náisiúnta eile agus ionstraimí eile de chuid an Aontais. Rannchuidíonn na cistí le réimsí a bhfuil gné shoiléir Eorpach ag baint leo, lena n-áirítear gníomhú ar son na haeráide, claochlú digiteach, cosaint, iompar tras-Eorpach, agus comhar idir-réigiúnach agus trasteorann.

Léiríonn na leithdháiltí a glacadh leibhéal an-ard ailínithe le Clár Oibre Straitéiseach na Comhairle agus le Treoirlínte Uachtarán an Choimisiúin araon, chomh maith le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh. Ina theannta sin, rannchuidíonn na cistí leis na réimsí chun borradh a chur faoin bhfás a saináithníodh sa tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa. Léiríonn sé sin ábharthacht leanúnach an bheartais chomhtháthaithe don timthriall beartais atá ann faoi láthair agus na riachtanais a bheidh ann amach anseo atá tuartha.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach leis na páirtithe leasmhara i bpróiseas an tionscnaimh, go háirithe trí imeachtaí tiomnaithe agus trí ghníomhaíochtaí comhairliúcháin phoiblí, mar a shonraítear sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Soláthraítear faisnéis faoin úsáid a bhaineann an Coimisiún as saineolas seachtrach sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Measúnú tionchair**

Tá faisnéis faoi Mheasúnú Tionchair an Choimisiúin ar fáil sa chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar go rannchuideoidh an tionscnamh le laghdú nach beag ar an ualach riaracháin agus ar chostais riaracháin, chomh maith le héifeachtúlacht fheabhsaithe i gcur chun feidhme thacaíocht an Aontais, féach freisin an chaibidil chomhfhreagrach de mheabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] le haghaidh Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

- **Ceartha bunúsacha**

Cuirfear tacaíocht an Aontais chun feidhme i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabal an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092, féach freisin an roinn chomhfhreagrach i meabhrán míniúcháin an togra le haghaidh Rialachán (AE) (Rialachán CNR).

I dteannta an Rialacháin maidir le Coinníollacht a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir le buiséad iomlán an Aontais, áirítear sa Rialachán seo coimircí láidre chun a áirithiú go gcuirfear na cistí chun feidhme i gcomhréir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus le prionsabail an smachta reachta, mar a leagtar amach in Airteagal 2(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092. Trí athchóirithe atá nasctha, *inter alia*, le moltaí ón Tuarascáil maidir leis an Smacht Reachta a áireamh sna Pleananna a bheidh ann amach anseo, meastar freisin go bhfeabhsófar cosaint na gceart bunúsach agus go neartófar comhlíonadh na Cairte.

Leis an tionscnamh seo, urramófar freisin prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

#### 4. **IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

#### 5. **EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfear tacaíocht an Aontais faoin togra seo chun feidhme trí bhainistíocht chomhroinnte ag na Ballstáit agus trí bhainistíocht dhíreach/indíreach ag an gCoimisiún. Déanfar faireachán ar chur chun feidhme thacaíocht an Aontais tríd an gcreat feidhmíochta is infheidhme le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034, a leagtar amach sa togra le haghaidh Rialachán (AE) [...] [Creat feidhmíochta].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Cumhdaítear formhór rialacha seachadta agus cur chun feidhme CFRE agus an Chiste Chomhtháthaithe i Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

I gCaibidil I, bunaítear na forálacha ginearálta maidir le raon feidhme na tacaíochta ó CFRE, lena n-áirítear le haghaidh comhar críochach Eorpach (Interreg), agus ón gCiste Chomhtháthaithe don tréimhse 2028-2034..

I gCaibidil II leagtar síos rialacha maidir le Interreg lena gcuirtear comhar chun cinn idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, a réigiúin agus Stáit nach Ballstáit iad nó eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach faoi chuimsiú plean um Interreg.

Cumhdaíonn Caibidil III forálacha críochnaitheacha sonracha.

Togra le haghaidh

## **RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Réigiúnach lena n-áirítear le haghaidh Comhar Críochach Eorpach (Interreg) agus lena mbunaítear freisin an Ciste Comhtháthaithe mar chuid den Chiste a leagtar amach i Rialachán (AE) [...] [CNR] agus lena mbunaítear coinníollacha maidir le cur chun feidhme thacaíocht an Aontais don fhorbairt réigiúnach ó 2028 go 2034**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 177, 178 agus 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>9</sup>,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún<sup>10</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil sé beartaithe le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) cuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. De bhun an Airteagail sin, agus de bhun an dara agus an tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú chun éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil, agus cúlmaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin, tá aird faoi leith le tabhairt ar réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha orthu, lena n-áirítear míbhuntáistí a eascraíonn as meath déimeagrafach, ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu, na n-oileán agus na réigiún trasteorann agus na réigiún sléibhteach.
- (2) Cuireadh an Ciste Comhtháthaithe ar bun chun rannchuidiú leis an gcuspóir foriomlán comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta, agus críochach an Aontais a neartú trí ranníocaíochtaí airgeadais a chur ar fáil i réimsí an chomhshaoil agus na ngréasán tras-Eorpach a mhéid a bhaineann leis an mbonneagar iompair (TEN-T), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>11</sup>.

---

<sup>9</sup> IO C , , lch. .

<sup>10</sup> IO C , , lch. .

<sup>11</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE ([IO L 348. 20.12.2013. lch. 1](#)).

- (3) Tá an tacaíocht sin ón Aontas faoi CFRE agus faoin gCiste Comhtháthaithe le soláthar faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>12</sup>.
- (4) Leagtar amach i Rialachán (AE) XX [Rialachán CNR] na rialacha coiteanna is infheidhme maidir le cistí éagsúla lena n-áirítear CFRE, Ciste Sóisialta na hEorpa ('CSE'), an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ('CEMI'), an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht ('AMIF'), an Ciste Slándála Inmheánaí ('CSI') agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosáí ('IBTV') a oibríonn faoi chreat coiteann ('na Cistí').
- (5) Na prionsabail chothrománacha a leagtar amach in Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus in Airteagal 10 de CFAE, lena n-áirítear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE, ba cheart iad a urramú agus CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe á gcur chun feidhme, agus an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit urraim a thabhairt d'oibleagáidí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas, agus ba cheart dóibh inrochtaineacht a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Choinbhinsiún sin, agus i gcomhréir le dlí an Aontais ina ndéantar comhchuíbhiú ar na ceanglais rochtana maidir le táirgí agus seirbhísí. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún neamh-chomhionannais a dhíothú agus an comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú, agus an t-idirdhealú bunaithe ar ghnéas, ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar threoshuíomh gnéasach a chomhrac. Leis na Cistí níor cheart tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le leithscaradh d'aon chineál. Ba cheart cuspóirí CFRE agus an Chiste Comhtháthaithe a shaothrú faoi chuimsiú na forbartha inbhuanaithe agus faoi chuimsiú iarrachtaí an Aontais an aidhm a chur chun cinn maidir le cáilíocht an chomhshaoil a chaomhnú, a chosaint agus a fheabhsú, mar a leagtar amach in Airteagail 11 agus 191(1) de CFAE, agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' á chur san áireamh. Chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, cloífidh oibríochtaí dá dtairbhíonn gnóthais le rialacha maidir leis an státchabhair mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 de CFAE.
- (6) Ba cheart do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe rannchuidiú leis na cuspóirí beartais sonracha a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], laistigh dá raon feidhme ar leith a leagtar amach sna Conarthaí. Is gá sonrú breise a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir le tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe do limistéir faoi mhíbhuntáiste, do limistéir uirbeacha agus do na réigiúin is forimeallaí. Thairis sin, is gá forálacha a leagan síos maidir le cur chun feidhme an chomhair chríochoigh Eorpaigh (Interreg).
- (7) I gcomhréir le prionsabal na cothroime idirghlúine agus le tiomantas an Aontais do chearta an linbh agus don Straitéis Óige, ba cheart do CFRE agus don Chiste Comhtháthaithe tacú le bearta a rannchuidíonn le forbairt inbhuanaithe do na glúnta atá le teacht, rochtain ar dheiseanna do dhaoine óga ar fud na gcéad uile a chur chun cinn, agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na hóige i limistéir faoi mhíbhuntáiste, go háirithe i réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste agus atá ag bánú, lena

---

<sup>12</sup> IO ...

n-áirítear bonneagar le haghaidh scileanna, nuálaíochta, fiontraíochta, slite beatha inbhuanaithe agus cultúir nó spóirt. Féadfar tacaíocht den sórt sin a chur chun feidhme trí straitéisí comhtháite uirbeacha nó áitiúla.

- (8) Maidir leis na Ballstáit agus go háirithe na Ballstáit sin ina bhfuil pobail mhóra Romach, agus ina bhfuil dúshlán acu freisin, tabharfaidh siad aird ar leith ar chomhionannas agus cuimsiú na Romach. Níor cheart tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn le leithscaradh nó eisiamh d'aon chineál i leith daoine faoi mhíchumas agus pobail imeallaithe amhail na Romaigh.
- (9) D'fhonn forbairt uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn, meastar gur gá tacú le forbairt chríochach chomhtháite chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na dúshlán eacnamaíocha, chomhshaoil, aeráide, dhéimeagrafacha agus shóisialta a dhéanann difear do limistéir uirbeacha, lena n-áirítear limistéir uirbeacha fheidhmiúla, agus an gá atá le naisc idir limistéir uirbeacha agus thuaithe a chur chun cinn á chur san áireamh an tráth céanna. Ba cheart bearta lena léirítear na cineálacha cur chuige sin a bhunú i gcaibidlí iomchuí de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.
- (10) Ba cheart aird shonrach a thabhairt ar na réigiúin is forimeallaí, is é sin trí bhearta a ghlacadh faoi Airteagal 349 de CFAE ina ndéantar foráil maidir le bearta le haghaidh na réigiún is forimeallaí chun fritháireamh a dhéanamh ar na costais bhreise a bhíonn ar na réigiúin sin de bharr ceann amháin nó níos mó de na bacainní buana dá dtagraítear in Airteagal 349 de CFAE, is é sin an iargúlacht, an t-oileánachas, easpa méide, topagrafaíocht agus aeráid achrannach, spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí, ar deacrachtaí buana iad a chuireann bac mór ar an bhforbairt sna réigiúin sin le chéile. Chun iomláine an mhargaidh inmheánaigh a chosaint, agus faoi mar atá i gcás na n-oibríochtaí ar fad atá á gcómhaoiniú ag CFRE agus ag an gCiste Comhtháthaithe, aon tacaíocht ó CFRE chun cabhair oibriúcháin nó infheistíochta a mhaoiniú sna réigiúin is forimeallaí, ba cheart don tacaíocht sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an státchabhair faoi mar a leagtar amach in Airteagail 107 agus 108 de CFAE.
- (11) Chun tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ar leibhéal éagsúla, ba cheart do CFRE faoi Interreg tacú le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, comhar idir-réigiúnach, agus comhar na réigiún is forimeallaí.
- (12) Ba cheart Interreg a chur chun feidhme lasmuigh de na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i bhfoirm Plean um Interreg d'fhonn foráil a dhéanamh maidir leis an gcomhthéacs sonrach i dtaca le cuspóir an chomhair agus na módúlachtaí cur chun feidhme is gá le haghaidh tionscadail ilnáisiúnta lena n-áirítear sainiúlachtaí na gceithre shraith.
- (13) Féadfaidh CFRE faoi Interreg rannchuidiú leis na cuspóirí sonracha uile. Ina theannta sin, ba cheart dó rannchuidiú le cuspóirí sonracha breise chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sonracha maidir le 'rialachas comhair níos fearr', 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine' agus 'réigiúin níos athléimní a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin'. Chun é a chur ar a chumas do CFRE tacaíocht a sholáthar faoi Interreg i dtéarmaí infheistíochtaí sa bhonneagar agus infheistíochtaí gaolmhara, agus i dtéarmaí na hoiliúna agus na ngníomhaíochtaí lánpháirtíochta araon, is gá foráil a dhéanamh go bhféadfaidh CFRE tacaíocht a sholáthar freisin do ghníomhaíochtaí faoi na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal [3(1)(c) - Cuspóirí sonracha maidir le comhtháthú sóisialta] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

- (14) Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na liostaí de chaibidlí Interreg agus an liosta den mhéid foriomlán ó thacaíocht an Aontais do gach caibidil Interreg a ghlacadh agus a leasú. Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún. Cé gur de chineál ginearálta iad na gníomhartha sin, ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid ós rud é gur ar bhealach teicniúil amháin a chuirtear na forálacha chun feidhme leo. Ba cheart an cinneadh lena bhformheastar an chaibidil ábhartha den Phlean um Interreg a bheith ina chinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>13</sup>.
- (15) Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit caibidlí a ullmhú freisin d'fhonn gnéithe fíor-riachtanacha clársceidealaithe a leagan amach chun tacaíocht a chur chun feidhme. Ba cheart na caibidlí sin a bheith faoi réir fhorhmeas an Choimisiúin go tráthrialta.
- (16) Chun an úsáid is éifeachtúla is féidir a bhaint as an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, ba cheart sásra a chur ar bun chun socrú a dhéanamh an tacaíocht sin a chur ar ais i gcásanna nach féidir cláir um chomhar seachtrach a ghlacadh nó i gcás inar gá scor díobh, lena n-áirítear é sin le tríú tíortha nach bhfaigheann tacaíocht ó aon ionstraim mhaoinithe de chuid an Aontais. Leis an sásra sin, ba cheart féachaint le feidhmiú barrmhaith na gclár a bhaint amach mar aon leis an gcomhordú is mó agus is féidir idir na hionstraimí sin.
- (17) Chun bearta comhair a spreagadh agus a threisiú, ba cheart gníomhaíochtaí comhair idir comhpháirtithe laistigh de Bhallstát ar leith nó idir Ballstáit éagsúla i ndáil leis an tacaíocht arna soláthar, ba cheart iad a bheith fós indéanta faoi na cuspóirí sonracha uile. Tá comhar feabhsaithe den sórt sin sa bhreis ar an gcomhar faoi Interreg agus d'fhéadfadh comhpháirtithe ó aon réigiún san Aontas a bheith rannpháirteach ann, ach féadfar réigiúin trasteorann agus réigiúin a chumhdaítear le straitéis mhacrairéigiúnach nó straitéis imchuach farraige nó meascán den dá straitéis a chuimsiú ann freisin.
- (18) I gcomhthéacs na gcúinsí uathúla agus sonracha ar oileán na hÉireann, agus d'fhonn tacú leis an gcomhar Thuaidh-Theas faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta, ba cheart leanúint de chaibidil trasteorann nua 'PEACE PLUS', ar caibidil í lenar cheart cur le hobair na gclár roimhe idir contaetha teorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Agus an tábhacht phraiticiúil a bhaineann leis an gcaibidil á cur san áireamh, is gá a áirithiú, agus tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíochtaí ar son na síochána agus an athmhuintearais, gur cheart do CFRE rannchuidiú freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí bhíthin gníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn. I bhfianaise shainiúlachtaí na caibidle, ba cheart í a bhainistiú ar mhodh comhtháite agus déanfar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a chomhtháthú sa chlár mar ioncam sannta seachtrach.

---

<sup>13</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) - PE/99/2023/REV/1 - (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj>).

- (19) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leormhaith, is é sin comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a dhaingniú trí na príomh-mhíchothromaíochtaí san Aontas a cheartú, ach gur féidir leo, de bharr mhéid na n-éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil, cúlmaireacht na réigiún is mídheisiúla agus an srian atá ar acmhainní airgeadais na mBallstát agus na réigiún, gur féidir leo an cuspóir sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 de CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

### Forálacha ginearálta

#### *Airteagal 1* *Ábhar*

Leagtar síos leis an Rialachán seo coinníollacha sonracha maidir le tacaíocht an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir leis na cuspóirí ginearálta a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], agus go háirithe pointe (a) agus pointe (e) de.

Leagtar síos leis freisin na forálacha is gá chun tacaíocht an Aontais a chur chun feidhme chun comhar críochach Eorpach ('Interreg') a chur chun cinn d'fhonn comhar a chothú idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, a réigiúin agus tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta, críocha eile nó tíortha agus críocha thar lear (TCTLanna), nó eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach.

Soláthrófar an tacaíocht sin ón Aontas faoin gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear an Ciste sin agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

#### *Airteagal 2* *Tacaíocht ó CFRE agus ón gCiste Comhtháthaithe*

Tacóidh CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe leis na cuspóirí sonracha a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR] lena rannchuidítear leis an gcuspóir ginearálta a leagtar amach in Airteagal 2(1)(a) de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] i gcomhréir lena raon feidhme féin a leagtar amach in Airteagail 176 agus 177 CFAE.

#### *Airteagal 3* *Sainmhínte*

- (1) Ciallaíonn 'Comhar Críochach Eorpach (Interreg)' comhar idir na Ballstáit agus a réigiúin laistigh den Aontas agus idir na Ballstáit, a réigiúin agus Stáit nach Ballstáit iad, nó eagraíochtaí um lánpháirtiú agus comhar réigiúnach, a mhaoiníonn an Ciste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí agus, i gcás inarb infheidhme, an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.
- (2) Ciallaíonn 'Stát nach Ballstát é' críocha tríú tíortha nó críocha tíortha comhpháirtíochta chomh maith le tíortha agus críocha thar lear de chuid na mBallstát.

Chun críche na Caibidle seo, i gcás ina dtagraíonn forálacha in Airteagail 69 [Freagrachtaí na mBallstát], 70 [An pacáiste dearbhaithe bliantúil a chur isteach], 74 [Sonraí a bhailiú agus a thairfeadh], agus 77 [Iarratais ar íocaíocht a chur isteach agus measúnú a dhéanamh orthu] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] do ‘Bhallstát’, forléireofar an téarma sin mar théarma a chiallaíonn ‘an Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta’.

#### *Airteagal 4*

#### ***Tacaíocht do limistéir faoi mhíbhuntáiste***

1. I gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na réigiún agus na limistéar faoi mhíbhuntáiste, go háirithe limistéir thuaithe, limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag déanfar difir dóibh, réigiúin a bhfuil míbhuntáistí géara buana nádúrtha nó baic dhéimeagrafacha orthu, amhail na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoriseal daonra iontu agus na réigiúin oileánacha, trasteorann agus sléibhteach, agus chomh maith leis sin limistéir um aistriú cóir agus réigiúin atá ar theorainn na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine. Déanfaidh na Ballstáit agus na réigiúin, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhtháite a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha nó ar riachtanais shonracha na réigiún agus na limistéar dá dtagraítear sa mhír seo ina bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí i gcomhréir le hAirteagail 74 go 76 [forbairt chomhtháite áitiúil agus uirbeach] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR]. Féadfar gealltanais maidir le cistiú tiomnaithe chun na críche sin a chuimsiú i gcur chuige comhtháite den sórt sin agus féadfar é a chuimsiú i gcaibidlí tiomnaithe den Phlean Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.

#### *Airteagal 5*

#### ***Forbairt uirbeach inbhuanaithe***

Mar chuid dá bhforbairt chríochach, tacóidh na Ballstáit le straitéisí comhtháite forbartha uirbí lena ndireofar ar an bhforbairt inbhuanaithe agus lena rachfar i ngleic le dúshláin chomhshaoil, fuinnimh agus aeráide, go háirithe an t-aistriú cothrom i dtreo geilleagar glan, aeráidneodrach agus athléimneach faoi 2050, agus aird ar leith á thabhairt ar thithíocht, ar bhochtaineacht, ar oidhreacht chultúrtha agus ar leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun críoch nuálaíochta agus éifeachtúlachta fuinnimh, chun tacú le forbairt limistéar uirbeach feidhmiúil, chomh maith le tacú le naisc idir limistéir uirbeacha agus thuaithe.

#### *Airteagal 6*

#### ***Na réigiúin is forimeallaí***

Bunófar bearta sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí chun tacaíocht struchtúrach a chumhdach dá bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chríochach agus chun costais oibriúcháin nó cúiteamh a chumhdach freisin lena n-áirítear soláthar seirbhísí faoi oibleagáid seirbhíse poiblí agus conarthaí sna réigiúin sin d’fhonn na costais bhreise arna dtabhú sna réigiúin is forimeallaí mar thoradh ar cheann amháin nó níos mó de na srianta buana forbartha a liostaítear in Airteagal 349, an chéad mhír, CFAE, a fhritháireamh.

## **CAIBIDIL II**

### **Plean um Interreg**

*Airteagal 7*  
***Raon feidhme***

1. Díreoidh Interreg ar thacaíocht a thabhairt do na sraitheanna comhair seo a leanas:
  - (a) comhar idir réigiúin chónagaracha chun forbairt réigiúnach chomhtháite chomhchuí a chur chun cinn idir réigiúin teorann talún agus mhuirí chomharsanacha (comhar trasteorann);
  - (b) comhar thar chríocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit agus i Stáit nach Ballstáit iad d'fhonn leibhéal níos airde comhtháthaithe chríochaigh a bhaint amach (comhar trasnáisiúnta);
  - (c) comhar chun éifeachtacht an bheartais comhtháthaithe a dhaingniú trí mhalartú taithí, cuir chuige nuálacha agus fothú acmhainneachta a chur chun cinn (comhar idir-réigiúnach);
  - (d) comhar i measc na réigiún is forimeallaí agus lena Stáit chomharsanachta nach Ballstáit iad nó le heagraíochtaí um lánpháirtíú agus comhar réigiúnach chun a lánpháirtíú réigiúnach agus a bhforbairt chomhchuí ina gcomharsanacht a éascú (comhar na réigiún is forimeallaí).

Mura leagtar síos ceanglais shonracha sa Rialachán seo, déanfar comhar idir dhá chomhpháirtí Eorpacha nó níos mó, nach Ballstáit ná a réigiúin iad, i gcomhréir leis na rialacha sonracha a leagtar amach i Rialachán XX [An Eoraip Dhomhanda].

2. Na caibidlí den Phlean um Interreg lena dtacaítear le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta agus comhar idir-réigiúnach, cuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte iad. Maidir le ranníocaíochtaí ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda a chuimsítear i gcaibidlí lena dtacaítear le comhar na réigiún is forimeallaí, féadfar iad a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte nó faoi bhainistíocht indíreach. Féadfaidh na cláir chomhair dá dtagraítear i mír 1 atá cómhaoinithe ag an gCiste Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí ranníocaíochtaí a fháil ó na colúin dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c) agus (e) d'Airteagal 3(1) de Rialachán XX [an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda].
3. Beidh feidhm ag na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR] maidir leis an bPlean um Interreg, ach amháin i gcás ina leagtar amach rialacha níos sonraí sa Rialachán seo maidir le cur chun feidhme an Phlean um Interreg.
4. Sa bhreis ar na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 3(1), pointí (a) agus (c), de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], tacóidh Interreg le 'rialachas comhair níos fearr', 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine' agus 'réigiúin níos athléimní a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis agus leis an Úcráin'.
5. I gcás an chláir trasteorann PEACE PLUS, i gcás ina bhfuil sé ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, rannchuideoidh CFRE, mar chuspóir sonrach faoi chuspóir ginearálta (a) d'Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn.
6. Ní bheidh feidhm ag Airteagail XX [Tacaíocht iasachta], XX [Comhaontú iasachta agus oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí] agus XX [athbhreithniú meántearma] agus Airteagal 14(2) [méid solúbthachta 25 %] de Rialachán (AE) [CNR] maidir leis an bPlean um Interreg.

## *Airteagal 8*

### ***Ceanglais maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg***

1. Beidh na caibidlí den Phlean um Interreg sa Phlean um Interreg. Comhfhreagróidh gach caibidil do chomhar i limistéar geografach ar leith.
2. An Ballstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach, cuirfidh sé caibidil den Phlean um Interreg faoi bhráid an Choimisiúin 6 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo thar ceann na mBallstát rannpháirteach uile agus na Stát uile nach Ballstáit iad.
3. Leagfar amach i ngach caibidil den Phlean um Interreg na gnéithe seo a leanas i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo. Déanfar an méid seo a leanas sa chaibidil den Phlean um Interreg:
  - (a) léiriú a thabhairt ar shraith an chomhair Interreg lena mbaineann agus ar an gelúdach geografach;
  - (b) tuairisc a thabhairt ar straitéis idirghabhála na caibidle den Phlean um Interreg bunaithe ar anailís shoiléir ar riachtanais chríochacha agus ar bhearnaí sa limistéar a chumhdaítear, na bearta le haghaidh comhair a shainaithe, lena n-áirítear aon bheart le haghaidh forbairt chríochach nó áitiúil agus míniú a thabhairt ar an gcaoi a meastar go rannchuideoidh na bearta sin leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 [cuspóirí beartais] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] agus na cuspóirí a bhaineann go sonrach le Interreg dá dtagraítear i mír 4 d'Airteagal 7 den Rialachán seo agus leis an aistriú chuig an aeráidneodracht;
  - (c) liosta de na bearta a thabhairt agus tuairisc a thabhairt orthu, lena n-áirítear na cuspóirí ginearálta agus sonracha a shaothraítear go príomha le gach beart agus liosta na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, mar aon lena ndáta táscach críochnaithe le linn na clárthréimhse. Na táscairí atá beartaithe le haghaidh na spriocanna, beidh siad bunaithe ar na táscairí aschuir a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán XX [Feidhmíocht] ach amháin i gcás ina bhfuil údar cuí leis;
  - (d) costais iomlána mheasta na mbearta a leagan amach mar aon le faisnéis maidir le maoiniú reatha nó beartaithe an Aontais i gcás inarb ábhartha, agus é mar thaca leis sin údar iomchuí agus mínithe ar an gcaoi a bhfuil na costais sin i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta, le bainistíocht fhóna airgeadais agus i gcomhréir leis an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a mheastar a bheidh ann;
  - (e) socruithe soiléire a leagan amach chun go ndéanfaidh gach Ballstát faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach ar an gcaibidil den Phlean um Interreg, lena n-áirítear na húdaráis fhreagracha agus na coistí faireacháin arna gcruthú lena léirítear an cuspóir córas láidir rialachais il-leibhéil a bhunú bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta, agus an cur chuige atá beartaithe maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht freisin i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán xx [An Rialachán Feidhmíochta];
  - (f) comhpháirtíocht agus malartú eolais a chur chun cinn trí na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo a leagan amach, an chaoi ar roghnaíodh iad, an chaoi ar áiríthíodh a n-ionadaíochas agus an chaoi a léirítear a n-ionchur sa chaibidil den Phlean um Interreg i gcomhréir leis an gcód iompair maidir le

comhpháirtíocht, agus trí achoimre a chuimsiú ar an bpróiseas comhairliúcháin a rinneadh chun an chaibidil den Phlean um Interreg a ullmhú;

- (g) cionroinnt dliteanas i measc na mBallstát rannpháirteach agus, i gcás inarb infheidhme, na Stát nach Ballstáit iad a leagan amach, i gcás ceartuithe airgeadais arna bhforchur ag an údarás bainistíochta nó ag an gCoimisiún i gcomhréir leis na rialacha lena rialaítear Ciste CNR agus a leagtar amach i Rialachán (AE) [Rialachán CNR];
- (h) míniú a thabhairt ar na socruithe agus ar na córais chun a áirithiú go mbainfear úsáid thráthrialta, éifeachtach agus éifeachtúil as acmhainní an Aontais, i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais agus le cosaint leasanna airgeadais an Aontais.

#### *Airteagal 9*

#### ***Formheas agus leasú an Phlean um Interreg***

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 13(2) [Nós Imeachta Coiste], ina leagfar amach an méid seo a leanas:
  - (a) liosta de na caibidlí den Phlean um Interreg, ainmniúchán réimsí na caibidle éagsúla agus an leithdháileadh tascach ón gCiste agus, i gcás inarb infheidhme, ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda;
  - (b) i gcás inarb iomchuí, socruithe mionsonraithe lena gcumhdaítear módúlachtaí sonracha cur chun feidhme Interreg chun cur chuige comhsheasmhach a áirithiú.

Bunófar na gnéithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a) ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag gach Ballstát maidir leis an gcaoi atá beartaithe acu chun a sciar de leithdháileadh an Phlean um Interreg a dháileadh de bhun na modheolaíochta a bhunaítear in Iarscríbhinn I [Modheolaíocht chun an ranníocaíocht airgeadais le haghaidh gach Ballstáit faoin gCiste a ríomh] a ghabhann le Rialachán (AE) [Rialachán CNR].

Is é a bheidh sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad mhír [sa chéad fhomhír] an chuid ghinearálta den Phlean um Interreg.

2. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na caibidlí den Phlean um Interreg nó ar na caibidlí leasaithe den Phlean um Interreg arna dtíolacadh ag an mBallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta laistigh de 4 mhí tar éis a dtíolactha. Agus a mheasúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún, fíoróidh sé go gcomhlíonann an chaibidil den Phlean um Interreg na ceanglais uile in Airteagal 5 agus go leanann sí an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo [teimpléad den chaibidil den Phlean um Interreg]. Féadfaidh an Coimisiún barúlacha a thabhairt agus faisnéis bhreise a iarraidh. Brisfear an sprioc-am maidir leis an bhformheas ón lá tar éis an dáta a sheolfaidh an Coimisiún a bharúlacha nó a iarraidh ar dhoiciméid athbhreithnithe chuig an mBallstát agus go dtí go dtabharfaidh an Ballstát freagra ar an gCoimisiún.
3. Maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg nó na caibidlí leasaithe den Phlean um Interreg arna dtíolacadh ag an mBallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta, i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais uile in Airteagal 8 agus ina leanann siad an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo,

déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, na caibidlí sin den Phlean um Interreg [nó na caibidlí leasaithe den Phlean um Interreg] a fhorghnó.

4. Tar éis na caibidlí den Phlean um Interreg a fhorghnó de bhun mhír 3, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na caibidlí den Phlean um Interreg a fhorghnó gach 3 mhí, ar caibidlí iad a thíolactar ina dhiaidh sin agus a chomhlíonann na ceanglais uile dá dtagraítear in Airteagal 8 [Ceanglais maidir leis na caibidlí den Phlean um Interreg] agus an teimpléad a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo [teimpléad den chaibidil den Phlean um Interreg] á leanúint aige. I gcásanna eile, féadfaidh an Coimisiún modhnuithe ar na caibidlí den Phlean um Interreg a fhorghnó gach 6 mhí, tar éis iarraidh a fháil ón mBallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta.
5. Leagfar amach an méid seo a leanas sna gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i míreanna 3 agus 4 le haghaidh gach caibidle den Phlean um Interreg:
  - (a) costais iomlána mheasta na caibidle Interreg, arna mbunú ag an gCoimisiún ar bhonn togra ón mBallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta;
  - (b) méid na ranníocaíochta airgeadais ó Rialachán (AE) [Rialachán CNR] agus, i gcás inarb infheidhme, méid na ranníocaíochta airgeadais ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda agus méid na ranníocaíochta náisiúnta seachas cómhaoiniú náisiúnta;
  - (c) méid na ranníocaíocht iomláine ón Aontas in aghaidh na bliana, dá dtagraítear in Airteagal 14 [gealltanais] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR];
  - (d) méid an réamh-mhaoinithe atá le híoc agus cé acu atá an réamh-mhaoiniú le híoc ina iomláine i mbliain formheasa na caibidle nó ina thráinsí i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 17 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR].
6. Is éard a bheidh sa chinneadh lena bhformheastar an chaibidil ábhartha den Phlean um Interreg cinneadh maoiniúcháin de réir bhrí Airteagal 110(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus is gealltanais dlíthiúil a bheidh san fhógra faoin gcinneadh sin a thabharfar don Bhallstát atá ina óstach ar an údarás bainistíochta.
7. Maidir le méid na ranníocaíochta airgeadais ón Aontas, méid na ranníocaíochta náisiúnta ó Stáit nach Ballstáit iad agus méid an chómhaoinithe náisiúnta atá beartaithe faoin gcaibidil den Phlean um Interreg, ní rachaidh siad ina n-iomláine, thar chostais iomlána mheasta na caibidle.

#### *Airteagal 10*

#### ***Feidhmeanna na n-údarás atá freagrach as an gcaibidil den Phlean um Interreg agus as an gcoiste faireacháin***

1. Na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, na Stáit nach Ballstáit iad atá rannpháirteach i gcaibidil den Phlean um Interreg, sainaitheoidh siad údarás bainistíochta aonair agus údarás iniúcháireachta aonair a bheidh lonnaithe sa Bhallstát amháin. Ní dhéanfar údarás comhordúcháin dá dtagraítear in Airteagal 49 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a shainaithe le haghaidh an Phlean um Interreg.
2. Sa bhreis ar Airteagal 50 de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], beidh gach údarás bainistíochta de chaibidil den Phlean um Interreg freagrach as an gcaibidil a bhainistiú d'fhonn a cuspóirí a bhaint amach agus beidh sé freagrach as an méid seo a leanas:

- (a) iarratais ar íocaíocht le haghaidh na caibidle den Phlean um Interreg a tharraingt suas agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 63 [íocaíochtaí] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR];
  - (b) réamh-mheastacháin a sholáthar maidir leis an méid le haghaidh iarratais ar íocaíocht atá le cur isteach le haghaidh na bliana féilire reatha agus le haghaidh na bliana féilire ina dhiaidh sin faoin 15 Feabhra agus faoin 31 Iúil i gcomhréir leis an teimpléad in Iarscríbhinn X [réamh-mheastacháin íocaíochta] a ghabhann le Rialachán (AE) [Rialachán CNR];
  - (c) an dearbhú bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal XX(1) pointe (a) [Pacáiste dearbhaithe bliantúil] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a shíniú agus a sholáthar i gcomhréir leis an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin;
  - (d) na doiciméid uile a iarrtar mar chuid den phacáiste dearbhaithe bliantúil dá dtagraítear in Airteagal 70 [pacáiste bliantúil dearbhaithe] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] a chomhordú agus a chur faoi bhráid an Choimisiúin.
3. Féadfaidh an Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, an Stát nach Ballstát é atá rannpháirteach sa chaibidil den Phlean um Interreg, a chinneadh go bhfuil na fíoruithe bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal XX [feidhm an údaráis bainistíochta] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR] le déanamh ach gach Ballstát comhlacht nó duine a shainaithint atá freagrach as an bhfíorú sin ina chríoch. Féadfaidh an Coimisiún ceanglais bhreise a leagan síos a bheidh le comhlíonadh ag na comhlachtaí nó ag na daoine sin sa ghníomh cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) [an Plean um Interreg a fhormheas agus a leasú].
  4. Tabharfaidh an rúnaíocht chomhpháirteach cúnamh don údarás bainistíochta, le baill foirne a dhéanann ionadaíocht ar Stáit atá rannpháirteach sa chaibidil den Phlean um Interreg. Tabharfaidh an rúnaíocht chomhpháirteach cúnamh don údarás bainistíochta agus don choiste faireacháin a bhfeidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh. Soláthróidh an rúnaíocht chomhpháirteach faisnéis freisin do thairbhíthe ionchasacha maidir le deiseanna cistiúcháin faoi chaibidlí den Phlean um Interreg agus tabharfaidh sí cúnamh do thairbhíthe agus do chomhpháirtithe oibríochtaí a chur chun feidhme.
  5. Sa bhreis ar na rialacha a leagtar síos in Airteagal 52 [feidhmeanna an údaráis iniúcháireachta] de Rialachán (AE) [Rialachán CNR], chun críoch na gcaibidlí den Phlean um Interreg, i gcás nach bhfuil an t-údarú ag an údarás iniúcháireachta a chúraimí a dhéanamh sa chríoch iomlán a chumhdaítear le clár comhair, tabharfaidh grúpa iniúcháirí atá comhdhéanta d'ionadaí ó gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, ó Stáit nach Ballstáit iad atá rannpháirteach i gclár Interreg cúnamh dó. Gach Ballstát agus, i gcás inarb infheidhme, gach Stát nach Ballstát é, beidh sé freagrach as iniúchtaí arna ndéanamh ar a chríoch.
  6. Bunófar coiste faireacháin le haghaidh gach caibidle den Phlean um Interreg. Beidh an coiste faireacháin freagrach as oibríochtaí Interreg a roghnú, i gcomhréir le straitéis agus cuspóirí na caibidle den Phlean um Interreg. Féadfaidh an Coimisiún ceanglais bhreise a leagan síos a bheidh le comhlíonadh ag an gcoiste faireacháin sa ghníomh cur chun feidhme dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) [an plean um Interreg a fhormheas agus a leasú].

*Airteagal 11*

***Forálacha le haghaidh Stáit nach Ballstáit iad***

1. Bunóidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann an ranníocaíocht ó Rialachán (AE) [Rialachán CNR] leis na caibidlí den Phlean um Interreg a gheobhaidh tacaíocht freisin ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear tacaíocht le haghaidh na réigiún is forimeallaí. Ní dhéanfar an ranníocaíocht a bhunófar le haghaidh gach Ballstáit a ath-leithdháileadh ina dhiaidh sin idir na Ballstáit lena mbaineann. Leis na ranníocaíochtaí éagsúla ón Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda le caibidlí den Phlean um Interreg cuirfear san áireamh rannpháirtíocht na mBallstát agus thairbhíthe na hIonstraime um an Eoraip Dhomhanda. Deonófar tacaíocht dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) (AE) [Rialachán CNR] do chaibidlí maidir le comhar trasteorann seachtrach ar choinníoll go soláthraítear méideanna comhréireacha leis an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda.
2. Chun caibidil den Phlean um Interreg a chur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte i Stát nach Ballstát é, tabharfar comhaontú maoiniúcháin i gcrích idir an Coimisiún, a dhéanfaidh ionadaíocht ar an Aontas, agus gach Stát rannpháirteach nach Ballstát é, a ndéantar ionadaíocht air i gcomhréir lena chreat dlíthiúil náisiúnta. Measfar an comhaontú maoiniúcháin sin a bheith ina uirlis chun buiséad an Aontais a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

An Ballstát atá ina óstach ar údarás bainistíochta na caibidle ábhartha den Phlean um Interreg, a bhfuil ionadaíocht á déanamh air i gcomhréir lena chreat dlíthiúil náisiúnta, féadfaidh sé a bheith ina pháirtí sa chomhaontú maoiniúcháin freisin.

I gcás ina gceanglaítear ar Stát nach Ballstát é ranníocaíocht airgeadais a aistriú chuig an údarás bainistíochta chun tacú leis an gcaibidil den Phlean um Interreg, seachas an cómhaoiniú atá sé á dhéanamh ar thacaíocht an Aontais ('ranníocaíocht náisiúnta'), leagfar amach na rialacha a bhaineann leis an ranníocaíocht náisiúnta sa chomhaontú maoiniúcháin.

Tabharfar aon chomhaontú maoiniúcháin i gcrích faoin 31 Nollaig den bhliain tar éis na bliana a rinneadh an chéad ghealltanas buiséadach agus measfar gur tugadh i gcrích é an dáta a shínigh an comhpháirtí deiridh é. I gcás ina mbaineann caibidil den Phlean um Interreg le níos mó ná tríú tír amháin, tabharfar comhaontú maoiniúcháin amháin ar a laghad i gcrích roimh dháta an tsínithe a shonraítear sa chéad abairt.
3. I gcás inar gá do thairbhí, arb údarás poiblí é atá lonnaithe i Stát nach Ballstát é, conarthaí seirbhíse, soláthair nó oibreacha a sholáthar chun oibríocht a chur chun feidhme, féadfaidh an tairbhí sin ceachtar díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm:
  - (a) dlíthe, rialacháin agus socruithe riaracháin náisiúnta an Stáit nach Ballstát é lena mbaineann ar choinníoll go gceadaítear é leis an gcomhaontú maoiniúcháin agus go ndámhtar an Conradh don tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, nó, de réir mar is iomchuí, don tairiscint is ísle praghas, agus aon choinbhleacht leasa á seachaint an tráth céanna;
  - (b) na nósanna imeachta soláthair dá bhforáiltear in Airteagail 181 agus 182 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

*Airteagal 12*  
***Acmhainní a chur ar ais agus scor***

1. Mura mbeidh an chaibidil den Phlean um Interreg curtha faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta den bhliain lena mbaineann faoi [2029 nó] 2030, déanfar an ranníocaíocht bhliantúil ó CNR leis an gcaibidil sin den Phlean um Interreg a ath-leithdháileadh ar chaibidil eile den Phlean um Interreg a bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach inti.
  2. Más rud é, faoin 31 Márta 2031, go bhfuil caibidlí den Phlean um Interreg nár cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin fós, déanfar an rannchuidiú ó CNR leis na caibidlí sin den Phlean um Interreg le haghaidh na mblianta atá fágtha suas le 2034, nár ath-leithdháileadh ar chaibidil eile den Phlean um Interreg, a leithdháileadh ar an gcaibidil den Phlean um Interreg a bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach inti.
  3. Scoirfear d'aon chaibidil den Phlean um Interreg atá formheasta cheana ag an gCoimisiún nó laghdófar leithdháileadh na caibidle sin, i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta is infheidhme, go háirithe sna cásanna seo a leanas:
    - i. níor dhearna aon cheann de na tíortha comhpháirtíochta a chumhdaítear leis an gcaibidil maidir le comhar trasteorann seachtrach den Phlean um Interreg lena mbaineann an comhaontú maoiniúcháin ábhartha a shíniú faoi na sprioc-amanna a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal [XX] den Phlean um Interreg; nó
    - ii. ní féidir an chaibidil den Phlean um Interreg a chur chun feidhme mar a bhí beartaithe mar gheall ar fhadhbanna sa chaidreamh idir na tíortha rannpháirteacha.
- I gcásanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír, an ranníocaíocht ó CNR dá dtagraítear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nár gealladh go fóill, nó do thráthchodanna bliantúla a gealladh agus a saoradh go hiomlán nó go páirteach le linn na bliana buiséadaí céanna, nár ath-leithdháileadh ar chaibidil eile den Phlean um Interreg, leithdháilfear an ranníocaíocht sin ar chaibidil eile den Phlean um Interreg ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann rannpháirteach.
4. An ranníocaíocht ó [chistí seachtracha] arna laghdú de bhun an Airteagail seo, úsáidfear í i gcomhréir leis an Rialachán [maidir leis an Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda] faoi seach.

*Airteagal 13*  
***PEACE PLUS***

1. Cumhdófar i gcaibidil PEACE PLUS comhar idir contaetha teorann na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon.
2. Maidir le Comhlacht na gClár Speisialta AE, i gcás ina n-aithneofar gurb é an t-údarás bainistíochta é, measfar é a bheith lonnaithe i mBallstát.
3. An ranníocaíocht airgeadais le gníomhaíochtaí an Aontais ón Ríocht Aontaithe as a rannpháirtíocht i gcaibidil PEACE PLUS, i bhfoirm ioncaim shannta sheachtraigh dá dtagraítear in Airteagal 21(2), pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509,

beidh sí ina cuid de na leithreasuithe buiséid le haghaidh [Ceannteideal 1, [...], fochlár ‘Plean um Interreg’].

4. I gcás ina mbeidh caibidil PEACE PLUS ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, rannchuideoidh sí freisin le cobhsaíocht shóisialta, eacnamaíoch agus réigiúnach a chur chun cinn sna réigiúin lena mbaineann, go háirithe trí ghníomhaíochtaí chun comhtháthú idir pobail a chur chun cinn.
5. I gcás ina bhfuil caibidil PEACE PLUS ag gníomhú ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an athmhuintearas, ní fhéadfaidh oibríochtaí lena bhfuiltear ag tacú ach comhpháirtithe ó aon tír rannpháirteach amháin a bheith acu.

## **CAIBIDIL III**

### **Forálacha críochnaitheacha**

#### *Airteagal 14*

#### ***Nós imeachta coiste***

Tabharfaidh coiste a chuirfear ar bun i gcomhréir le hAirteagal 88 [CNR] cúnaimh don Choimisiún.

#### *Airteagal 15*

#### ***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) [...] lena mbunaítear an Ciste Eorpach um chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, um thalmhaíocht agus ceantair thuaithe, um iascach agus gnóthaí muirí, um rathúnas agus um shlándáil le haghaidh na tréimhse 2028-2034.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**

[...]